



An Coimisiún  
Eorpach



# CASP2022

Gníomhaíochtaí Comhordaithe  
maidir le Sábháilteacht Táirgí



Measúnú agus  
bainistíocht riosca



Tuarascáil  
Chríochnaitheach

## Clár ábhar

Clár ábhar	2
Liosta giorrúchán	2
Achoimre feidhmiúcháin	3
<b>Cuid 1</b>	
1. Forléargas ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú agus bainistíocht riosca	4
1.1. Réamhrá agus príomhchuspóirí	4
1.2. Forléargas ar na hÚdaráis Faireachais Margaidh rannpháirteacha	4
2. Príomhghníomhaíochtaí agus príomhthorthaí	5
2.1. Scóipeáil na gníomhaíochta	5
2.2. Cur chuige oibre	6
2.3. Réitigh a shainaithint agus uirlisí agus táirgí insláthartha a fhorbairt	8
3. Conclúidí agus moltaí	11
3.1. Conclúidí ginearálta	11
3.2. Moltaí d'údaráis náisiúnta	11
<b>Cuid 2</b>	
1. Cad é CASP?	12
Ról agus freagrachtaí	
2. Plean oibre Gníomhaíochtaí Cothrománacha	13
3. Forbhreathnú ar chur chuige na nGníomhaíochtaí Cothrománacha	14

## Liosta giorrúchán

CUR SÍOS AR	NA GIORRÚCHÁIN
AE	Aontas Eorpach
CASP	Gníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí
CE	An Coimisiún Eorpach
DG JUST	Ard-Stiúrthóireacht Dlí agus Cirt agus Tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh
HA	Gníomhaíocht chothrománach
IM	Cruinniú idirmheánach
KoM	Cruinniú tosaithe
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
MS	Ballstát nó Ballstáit
RAG	Treoirlínte um Measúnú Riosca
RAM	Measúnú agus Bainistíocht Riosca
Safety Gate	Córas mear foláirimh do tháirgí contúirteacha neamhbhia
ÚFM	Údarás um fhaireachas margaidh

# Achoimre feidhmiúcháin

## Cuspóirí

Tá na Gníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí (CASP) 2022 ceaptha chun comhoibriú a éascú idir gach údarás faireachais margaidh ón Aontas Eorpach / ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun sábháilteacht táirgí sa Mhargadh Aonair Eorpach a fheabhsú. Tógann gníomhaíocht chothrománach measúnaithe agus bainistíochta riosca CASP2022 (RAM) ar obair roimhe seo agus féachann sé le huirlisí agus réitigh phraiticiúla a sholáthar chun dul i ngleic le dúshlán nua RAM. Díriodh i mbliana ar straitéisí éifeachtacha a chruthú le haghaidh measúnú riosca agus bainistíocht riosca oirbheartaíochta.

## Torthaí

- 1. Doiciméad treorach maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírithé ar tháirgí contúirteacha.** Maidir le rioscaí agus bealaí chun na cinn atá ag teacht chun cinn i margadh an Aontais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.
- 2. Doiciméad treorach maidir le modhanna anailíseacha, uirlisí agus bunachair shonraí.** Doiciméad treorach lena soláthraítear sraith uirlisí agus comhairle phraiticiúil phraiticiúil do ÚFManna maidir le modhanna, uirlisí agus bunachair sonraí anailíseacha chun táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath agus a bhainistiú.
- 3. Tiomsú cás-staidéir.** Rogha de cheithre chás-staidéir atá le cur san áireamh sa doiciméad treorach maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírithé ar tháirgí contúirteacha.

## Conclúidí agus moltaí

Tá dúshlán roimh na ÚFManna maidir le tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus díriú ar tháirgí sonracha mar gheall ar an líon mór táirgí atá ar fáil ar an Margadh Aonair. Chun acmhainní a bharrfheabhsú, **tá cur chuige straitéiseach rioscabhunaithe ríthábhachtach chun iarrachtaí díreacha a dhéanamh i dtreo táirgí a bhfuil na hábhair inní is mó acu maidir le sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí.** Cuidíonn sé sin leis na rioscaí a mhaolú agus le saincheisteanna sábháilteachta a chosc sula ndéanann siad dochar do thomhaltóirí agus cinntíonn sé go ndíríonn na ÚFManna ar na saincheisteanna is práinní. Tá anailís mhargaidh chomhsheasmhach agus measúnú riosca tábhachtach chun go n-oibreoidh na ÚFManna le chéile go héifeachtach agus go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Ní mór do na ÚFManna cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun treochtaí atá ag teacht chun cinn agus bagairtí amach anseo a shainaithint, chun muinín tomhaltóirí agus iomaíocht chóir sa mhargadh a chur chun cinn.

## Moltaí d'údaráis náisiúnta

- **Réamh-mheas treochtaí margaidh** chun táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath sula n-éiríonn siad forleathan.
- **Tús áite a thabhairt do na hidirghabhálacha is éifeachtaí** trí acmhainní a dhíriú ar na rioscaí is dóichí a dhéanfadh dochar, nó a mbeadh an tionchar is mó acu dá dtarlódh siad.
- **Bain úsáid as an gcur chuige seacht gcéim do RAM** chun struchtúrú a dhéanamh ar conas rioscaí a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

# 1. Forléargas ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú agus bainistíocht riosca

## 1.1. Réamhrá agus príomhchuspóirí

Tá dúshlán nua faireachais margaidh le sárú ag na ÚFManna mar gheall ar an méadú ar an ríomhthráchtáil, ar thabhairt isteach táirgí nua, ar úsáid teicneolaíochtaí nua, agus ar allmhairí díreacha ó lasmuigh de Mhargadh Aonair an Aontais. Mar thoradh air seo go léir tá castacht agus costais mhéadaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin, tá gá le cur chuige coiteann maidir le treochtaí a aithint agus gníomhaíocht choiscitheach a dhéanamh. Tá comhoibriú idir lucht tionscail, rialtóirí, eagraíochtaí tomhaltóirí agus ÚFManna riachtanacha chun sábháilteacht agus cáilíocht táirgí sa mhargadh a áirithiú.

Soláthraíonn gníomhaíocht RAM CASP2022 **treoirlínte do ÚFManna ionas gur féidir leo cinntí eolasacha a dhéanamh trí chinnteoireacht rioscabhunaithe, cás-staidéir agus modhanna anailíseacha a úsáid.** Leis an gcleachtadh straitéiseach sin, tugtar tús áite d'fhócas na ÚFManna ar an líon mór táirgí atá ag teacht isteach sa mhargadh agus ar shaincheisteanna a bhfuil an tionchar is mó acu dá dtarlódh siad, rud a ligeann dóibh tionchar na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a uasmhéadú agus próisis chostasacha bainistithe riosca a sheachaint.

Dearadh gníomhaíocht RAM 2022 chun cur le torthaí na mblianta roimhe sin <sup>1</sup>.

CASP2019	CASP2020	CASP2021
<ul style="list-style-type: none"> <li>Teimpléid a fhorbairt le haghaidh sé chatagóir táirgí atá le huaslódáil chuig Uirlis Treoirlínte Measúnaithe Riosca (RAG)</li> <li>Cásanna a fhorbairt chun measúnuithe riosca a dhéanamh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Teimpléid a fhorbairt le haghaidh seacht gcatagóir táirgí</li> <li>Treoirlínte maidir le dóchúlachtaí a mheas</li> <li>Treoirlínte lena leagtar síos prionsabail na bainistíochta riosca fóna</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Doiciméad treorach maidir leis na rioscaí is mó a chruthaíonn dúshláin mheasúnaithe (bunaithe ar aiseolas ó ÚFManna)</li> <li>Doiciméad treorach maidir le straitéisí chun dúshláin bhainistíochta riosca a shárú</li> </ul> <p><i>Bhí an dá dhoiciméad treorach bunaithe ar cheardlanna réitigh cásanna.</i></p>

Dhírigh an ghníomhaíocht ar acmhainneachtaí straitéiseacha na ÚFManna a neartú agus ar chabhrú leo acmhainní eagraíochtúla gan na dhírú i dtreo na n-idirghabhálacha is éifeachtaí. Chabhraigh an ghníomhaíocht leis na ÚFManna táirgí/earnálacha/oibreoirí eacnamaíocha a d'fhéadfaid a bheith contúirteach a shainaithint agus léirigh sí dóibh conas tús áite a thabhairt do na rioscaí éagsúla sin. Go háirithe, bhí na cuspóirí seo a leanas ag an gníomhaíocht:

- modheolaíocht choiteann a fhorbairt, i bhfoirm cur chuige seacht gcéim, maidir le conas RAM a dhéanamh agus réimsí

fócais a chinneadh bunaithe ar riachtanais agus leasanna na ÚFManna;

- tuiscint níos fearr a fháil ar láidreachtaí agus ar dhúshláin údaráis náisiúnta na ÚFManna;
- treoidhoiciméid a fhorbairt maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe agus modhanna, uirlisí agus bunachair shonraí anailíseacha;
- sraith cás-staidéir a phlé agus a fhorbairt bunaithe ar shaineolas sonrath an tsaineolaí theicniúil agus na ÚFManna atá rannpháirteach sa gníomhaíocht RAM.

## 1.2. Forléargas ar na húdaráis Faireachais Margaidh rannpháirteacha

Ghlac sé ÚFM san iomlán páirt sa RAM HA, mar a léirítear thíos.

Tábla 1 - ÚFManna rannpháirteacha

AN STÁT	ÚFM
An Bheilg	Geilleagar Feidearálach na Seirbhíse Poiblí – Ard-Stiúrtóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteachta
An Chipir	An Roinn Cigireachta Saothair, An Aireacht Saothair, Leasa agus Árachais Shóisialaigh
An Fhionlann	Gníomhaireacht Sábháilteachta agus Ceimiceán na Fionlainne (Tukes)
An tSeicia	Aireacht Tionscail agus Trádála
An tSlóivéin	Cigireacht Margaidh Phoblacht na Slóivéine
Éire	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

<sup>1</sup> Is féidir dul i gcomhairle leo seo tríd an [CASP SharePoint](#)



## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus príomhthorthaí

### 2.1. Scóipeáil na gníomhaíochta

Ba é raon feidhme na gníomhaíochta RAM i mbliana cur chuige agus uirlisí **struchtúrtha a bhunú** chun **rioscaí atá ag teacht** chun cinn a chinneadh agus a bhainistiú i gcomhthéacs treochtaí margaidh, reachtaíocht nua agus acmhainní gann atá ag athrú go tapa. Bhí sé mar aidhm ag an ngníomhaíocht freisin **treochtaí coiteanna a shainaithint agus modhanna a chur ar bun** do na ÚFManna chun gníomhaíochtaí réamhchúraim a dhéanamh maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn. Baineadh úsáid as cás-staidéir agus sonraí ábhartha chun tacú tuilleadh leis an ngníomhaíocht. Ar an iomlán, ba é an cuspóir ná na nithe seo a leanas a fhorbairt nó a aithint:

- **treoir shaineolach agus fianaise** maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírthe ar tháirgí contúirteacha;
- **uirlisí agus bunachair shonraí** chun táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath;
- **modhanna anailíseacha** is féidir le húdaráis a úsáid chun táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath go héifeachtach;
- **tagarmharcanna agus teicnící** le haghaidh seiceálacha bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann anailíse riosca;
- **paraiméadair/táscairí próifíle riosca** i ndáil le táirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais a rialú.

Socraíodh na táirgí insoláthartha conarthacha seo a leanas den ghníomhaíocht:


- doiciméad Treorach maidir le Measúnú agus Bainistíocht Riosca CASP2022 **a fhorbairt maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírthe ar tháirgí contúirteacha;**
- doiciméad Treorach maidir le Measúnú agus Bainistíocht Riosca CASP2022 **a fhorbairt maidir le modhanna, uirlisí agus bunachair sonraí anailíseacha chun táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath;**
- **tiomsú cás-staidéir a fhorbairt a bheidh le cur san áireamh sa doiciméad treorach maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírthe ar tháirgí contúirteacha.**



## 2.2. Cur chuige oibre

Rinneadh cás-staidéir agus doiciméid treorach a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na ÚFManna chun a áirithiú go raibh an plé ar na dúshláin agus ar na réitigh fhéideartha araon i gcomhréir lena dtosaíochtaí agus lena riachtanais. Tá cur chuige sonraithe san fhigiúr thíos.

Fíor 1 - Forléargas ar an gcur chuige



Tugtar achoimre ar an obair a rinneadh sa tábla thíos.

Tábla 2 - Achoimre ar ghníomhaíocht RAM CASP2022

### Roimh an ngníomhaíocht

- Rinne foireann an tionscadail taighde deisce fairsing.
- Bhí agallamh scóipe ar siúl le hOifigigh Deisce ó Ard-Stiúrthóireacht Dlí agus Cirt agus Tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh (DG JUST).
- Seoladh suirbhé agus cleachtaí socraithe tosaíochtaí chun an méid seo a leanas a chinneadh:
  - Inniúlachtaí, próifílí, acmhainní agus eolas na ÚFManna ar ghníomhaíochtaí RAM roimhe seo;
  - dúshláin, ionchais agus riachtanais;
  - foinsí, uirlisí agus modhanna sonraí reatha a úsáideann ÚFManna agus RAM á dhéanamh acu.

### Cruinniú tosaíthe

- Pléadh torthaí ghníomhaíochtaí CASP RAM roimhe seo (2019–2021) agus rinneadh raon feidhme ghníomhaíocht RAM CASP2022 a shainiú tuilleadh.
- Rinneadh plé ina dhiaidh sin ar mhionchoigeartú an chur chuige i leith ghníomhaíocht na bliana seo:
  - cuireadh cur chuige seacht gcéim i láthair agus ceisteanna bunúsacha a threorú;
  - vótáil na ÚFManna ar na céimeanna chun díriú orthu agus chinn siad iarrachtaí a dhíriú ar an dá bhloc tosaigh agus deiridh.
- Míniú cleachtaí idirghníomhacha éagsúla.
- Aithníodh láidreachtaí agus laigí na ÚFManna a thuilleadh.
- Pléadh an mhodheolaíocht maidir le rioscaí a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh.
- Eagraíodh seisiún idirghníomhacha ar dhúshláin ÚFM, dea-chleachtais agus aiseolas.

### Idir an cruinniú tosaíthe agus an cruinniú idirmheánach 1

- Moladh do na ÚFManna páirt a ghlacadh in dhá chomhairliúchán Wiki:
  - ceann de na huirlisí agus na modhanna a úsáideann ÚFManna le haghaidh gach ceann de na ceithre chéim den chur chuige seacht gcéim a bhfuil an ghníomhaíocht RAM ag díriú air;
  - cuireadh a thabhairt do na ÚFManna eile topaicí cás-staidéir a d'fhéadfadh a bheith ann a sholáthar agus, go háirithe, aird a tharraingt ar na príomhrioscaí atá ag teacht chun cinn bunaithe ar thaithí an oifigigh faireachais margaidh. Sa dara céim, cuireadh na huirlisí, na modhanna agus na cuir chuige straitéiseacha a pléadh i bhfeidhm ar na cás-staidéir roghnaithe.

### Cruinniú Idirmheánach 1

- Ceithre phríomhchéim na modheolaíochta a chur i láthair, lena n-áirítear:
  - forbheathnú ar na huirlisí agus na modhanna atá le húsáid i ngach ceann de na ceithre phríomhchéim RAM;
  - liosta de na tagarmharcanna is infheidhme atá le húsáid;
  - léiriú praiticiúil ar an tsamhail ag baint úsáide as cás-staidéar gluaischothromáin.
- Seisiún múrmhaisithe idirghníomhach chun bearnaí/laigí, láidreachtaí agus buntáistí uirlisí aitheanta (Cleachtadh 1) agus modhanna aitheanta (Cleachtadh 2) a aithint.
- Cás-staidéir roghnaithe i gcomhréir le hionchur na ÚFManna maidir leis an méid seo a leanas:
  - rioscaí atá ag teacht chun cinn ar fíú tuilleadh airde a thabhairt orthu;
  - earnálacha a bhfuil na rioscaí is airde ag baint leo.
- Sainmhíniú breise ar an modheolaíocht/cur chuige.
- Roghnaíodh trí chás-staidéar chun tástáil agus cur i bhfeidhm an chur chuige a éascú.
- Cinneadh an modh oibre (cur chuige measctha: riosca, earnála, agus bunaithe ar tháirgí).

### Idir cruinniú idirmheánach 1 agus cruinniú idirmheánach 2

- Leithdháileadh ÚFManna ar ghrúpaí sonracha de réir a leasanna agus a saineolais, agus chuir an Conraitheoir tús leis an obair chás-staidéir trí threoirlínte a phostáil maidir le conas Céim 1 den mhodheolaíocht a dhéanamh, rioscaí margaidh a shainaithint.

### Cruinniú Idirmheánach 2

- Cuireadh liosta na n-uirlisí, na modhanna agus na dtagarmharcanna a tiomsaíodh i láthair.
- Chuir na ÚFManna a gcur i bhfeidhm maidir leis an gcéad chéim den mhodheolaíocht I i láthair ina gcás-staidéir faoi seach.

### Idir cruinniú idirmheánach 2 agus an cruinniú deiridh

- Leanúint d'fhorbairt Chéimeanna 2–4 de na cás-staidéir.
- Na chéad dréachtaí de na táirgí insoláthartha a fhorbairt.

### Cruinniú deiridh

- Cuireadh an cur chuige i láthair maidir le bailchríoch a chur ar na táirgí insoláthartha, lena n-áirítear míniú ar an sliocht ó ocht gcéim go seacht gcéim sa chur chuige maidir le bainistiú éifeachtach riosca ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.
- Roinn na ÚFManna a n-aiseolas maidir leis an úsáid a bhainfear as na táirgí insoláthartha laistigh dá n-eagraíochtaí amach anseo.


### Tar éis an chruinnithe dheireanaigh

- Roinneadh na dréachtcháipéisí treorach agus na cás-staidéir fhorbartha tríd an Wiki.
- Bhí an deis ag na ÚFManna a n-aiseolas agus a dtuairimí a roinnt maidir leis na táirgí insoláthartha agus na bealaí a thógann siad agus an ghníomhaíocht a thabhairt chun críche.

## 2.3. Réitigh a shainaithint agus uirlisí agus táirgí insoláthartha a fhorbairt

Forbraíodh **cur chuige seacht gcéim** is féidir a úsáid chun RAM straitéiseach a dhéanamh.

Fíor 2 - Céimeanna straitéiseacha RAM





Le linn na gníomhaíochta, díriodh ar an gcéad chéim agus ar an dá chéim dheireanacha, ceithre chéim san iomlán, de réir chinneadh na ÚFManna. Threoraigh an saineolaí teicniúil na ÚFManna chun na ceithre chéim a dhéanamh agus an t-ionchur ábhartha do chás-staidéir a bhailiú tríd an Wiki.

CÉIM	CUR SÍOS AGUS TREOIRLÍNTE
<b>1. Riosca margaidh a shainaithint</b>	<p>Conas a shainaithnítear rioscaí margaidh agus cén mhodheolaíocht is féidir a úsáid? Ní leor sonraí a bheith ar fáil ina n-aonar. Úsáideann faisnéis sonraí agus cuireann sé eolas ar straitéisí inmharthana atá le cur i bhfeidhm. Mar sin, conas a dhéantar sonraí a ghairil i faisnéis? Ní mór luach agus iontaofacht na sonraí a mheas ar dtús.</p> <p><b>Treoirilínte:</b> Tugadh treoir do gach rannpháirtí measúnú a dhéanamh ar rioscaí ina margadh náisiúnta vis-à-vis an táirge sonracha a shanntar dóibh agus tuairisc a thabhairt ar roinnt méadrachtaí.</p>
<b>2. Straitéis a fhorbairt</b>	<p>Níl i straitéis ach ráiteas ardeibhéil ar a bhfuil i gceist a bhaint amach. Tá sé riachtanach a rá go soiléir cad é an straitéis ionas gur féidir bearta inchainníochtaithe a úsáid chun a mheas an mbaintear amach na cuspóirí atá leagtha síos nó nach mbaintear.</p> <p><b>Treoirilínte:</b> I gcás Chéim 2, iarradh ar na ÚFManna freagairt straitéiseach agus oirbheartaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le rioscaí aitheanta agus a n-ionchur i roinnt leis an bhfoireann tionscadail (i.e. anailís ar an riosca atá i gceist agus ar a bhainistiú féideartha; bailiú na faisnéise is gá chun cinneadh straitéiseach a dhéanamh maidir le tosaíocht a thabhairt agus na hacmhainní is gá chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach; cinntí oirbheartaíochta féideartha atá le déanamh).</p>
<b>3. Sainmhíniú ar thosaíochtaí agus méadracht ratha</b>	<p>Nuair a bheidh na próifílí go léir curtha san áireamh, agus na próifílí 'tosaíochta' roghnaithe, glactar leo seo mar bhonn don phleanáil straitéiseach. Is éard is próifílí faisnéise ann ná anailís riosca comparáideacha ar earnálacha an mhargaidh, ar ghrúpaí oibreoirí eacnamaíocha nó ar chineálacha táirgí aonair, nó ar oibreoirí eacnamaíocha aonair. Cuireann siad bonn ar fáil chun gníomhaíochtaí a chur i gcomparáid agus a chur in ord tosaíochta bunaithe ar anailís atá bunaithe ar shonraí ar riosca. Is ionann suim na bpróifílí tosaíochta agus an fhadhb a dtabharfar aghaidh uirthi ach áireofar ann freisin na bearta trínar féidir rath nó eile a mheas. I bhfocail eile, cén 'réiteach' a bheidh ar an bhfadhb.</p>
<b>4. An fhreagairt oirbheartaíochta a chinneadh</b>	<p>Is éard atá sa chéad chéim eile ná na roghanna maidir leis an bhfreagairt oirbheartaíochta a chinneadh dóibh siúd a dhéanann faireachas margaidh sa réimse agus a úsáidfidh ordlathas caighdeánach an rialaithe de ghnáth atá mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíocht bainistíochta riosca. Deir ordlathas an rialaithe gur chóir gurb é an chéad chéim i mbainistiú riosca ná iarracht a dhéanamh deireadh a chur leis an nguais (céim 1) agus mura féidir é sin a rialú (céim 2). Is féidir é seo a bhaint amach trí nochtadh don chuid ghuaiseach a laghdú. Mura féidir an ghuais a dhíchur nó a rialú, féadfar rabhaidh nó treoracha a úsáid (céim 3), rud a dhéanfaidh difear ar deireadh don nochtadh riosca.</p>
<b>5. Idirghabháil a fhorghníomhú agus sonraí a bhailiú</b>	<p>A luaithe a roghnaítear an fhreagairt oirbheartaíochta is iomchuí ar aon riosca margaidh a shainaithnítear agus a dtugtar tosaíocht dó, ní mór roinnt tomhas (cainníochtúil agus cáilíochtúil) a bheith i bhfeidhm chun éifeachtúlacht na gníomhaíochta sin a chinneadh, ar féidir é a úsáid chun a chinneadh cén chéim sa gníomhaíocht a ndéanadh an riosca aitheanta a bhainistiú go leordhóthanach.</p>
<b>6. Athbhreithniú straitéiseach</b>	<p>Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis ó am go ham freisin. An bhfuil na cuspóirí cearta á leagan síos? An bhfuil siad á mbaint amach? An raibh an cur chuige oirbheartaíochta ceart? An bhféadfadh cur chuige eile na torthaí céanna a bhaint amach le níos lú dua?</p> <p><b>Treoirilínte:</b> Is éard a bhí i gceist le Céim 3 de na cás-staidéir ná plean féideartha athbhreithnithe straitéisigh agus athchóirithe a fhorbairt. Tar éis idirghabhálacha oirbheartaíochta a imscaradh bunaithe ar Chéim 2 (féach thuas), b'éigean do na ÚFManna, faoi threoir an tsaineolaí teicniúil, breithniú a dhéanamh ar an athrú riosca (más ann dó) agus ar an méadracht chun rath nó cliseadh na mbeart sin a chainníochtú. Nuair is gá, coigeartaíodh an cuspóir straitéiseach, an modh tomhais, nó na tactics a úsáideadh. Rinneadh athbhreithniú deiridh ar na hidirghabhálacha oirbheartaíochta le haghaidh measúnuithe straitéiseacha amach anseo.</p>
<b>7. Pleanáil theagmhasach agus oirbheartaíochta</b>	<p>An bhfuil dóthain ullmhúcháin ann chun an straitéis a oiriúnú, bunaithe ar na treochtaí atá ag athrú go tapa sa mhargadh? An bhfuil plean teagmhais oiriúnach i bhfeidhm?</p> <p><b>Treoirilínte:</b> Threoraigh an saineolaí teicniúil na ÚFManna tríd an gcéim dheireanach den mhodheolaíocht – lena gcinntear an cur chuige is éifeachtaí agus is éifeachtúla ó thaobh acmhainní de chun an cuspóir straitéiseach a bhaint amach. Bunaithe ar chásanna teoiriciúla a chuir isteach go mór ar staid tosaigh an mhargaidh agus ar straitéisí bunaidh na ÚFManna, bhí ar na ÚFManna pleanáil theagmhasach a dhéanamh agus a straitéis a oiriúnú dá réir.</p>

Mar thoradh ar chleachtadh na bliana seo forbraíodh trí cinn de spriocanna insóláthartha:

**1. Doiciméad treorach maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírthe ar tháirgí contúirteacha**

Tá an doiciméad treorach maidir le **cinnteoireacht rioscabhunaithe** comhdhéanta de chaibidil maidir leis na cineálacha éagsúla rioscaí agus guaiseacha, caibidil maidir leis an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírthe, ceann amháin maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn i margadh an Aontais, agus caibidil deiridh bunaithe ar an anailís ar na cás-staidéir a forbraíodh le linn ghníomhaíocht na bliana seo (*féach Tábla 3*).

Forbraíodh an doiciméad treorach seo chun go mbeidh na ÚFManna in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin choiteanna a sainaithníodh:

- tairiscintí táirgí atá ag athrú go tapa tar éis treochtaí nua sa mhargadh;
- ceanglais reachtacha nua;
- acmhainní gann.

I gcodarsnacht le blianta roimhe seo den ghníomhaíocht, bhí sé mar aidhm ag an eagrán seo treochtaí coiteanna a aibhsiú agus modhanna caighdeánaithe a mholadh ionas gur féidir leis na ÚFManna gníomhaíochtaí réamhchúraim ailínithe a dhéanamh. Is é an fachtóir difreálach de ghníomhaíocht na bliana seo ná díriú ar leibhéal straitéiseach RAM.

**2. Doiciméad treorach maidir le modhanna, uirlisí agus bunachair shonraí anailíseacha chun táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath**

Tá an doiciméad treorach maidir le **modhanna, uirlisí agus bunachair shonraí anailíseacha** comhdhéanta de chaibidil

tosaigh ina mínítear RAM, an dara caibidil maidir leis na céimeanna éagsúla i measúnú agus bainistíocht riosca straitéiseach, agus an tríú caibidil ina ndírítear ar cheithre cinn de na huirlisí, modhanna agus bunachair sonraí ábhartha do na seacht gcéim sin.

Tá sé mar aidhm aige uirlisí praiticiúla a chur ar fáil chun treoir a thabhairt do ÚFManna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna reatha a tháinig chun cinn san am atá caite agus chun pointí foghlama a threisiú a eascraíonn as dea-chleachtais.

Le linn na gníomhaíochta, sainmhíníodh na cleachtais atá ann cheana agus na dúshláin laethúla a bhaineann leis na ÚFManna chun a chinntiú go n-oirfeadh na doiciméid deiridh dá riachtanais. Eagraíodh cleachtaí maidir le cleachtais, tagarmharcáil, dúshláin agus tionchair atá ann cheana (ag tarraingt ar thairgí na ÚFManna óna guid oibre laethúla faireachais margaidh).

**3. Cás-staidéir a thiomsú le haghaidh rioscaí atá le cur san áireamh sa doiciméad treorach maidir le cinnteoireacht rioscabhunaithe le haghaidh gníomhaíochtaí forfheidhmithe spriocdhírthe ar tháirgí contúirteacha**

Is é is aidhm do thiomsú cás-staidéir sraith samplaí fíorshaoil a sholáthar do ÚFManna de chur i bhfeidhm na samhla teoiriciúla ón dara caibidil den doiciméad treorach maidir le modhanna anailíseacha, uirlisí agus bunachair shonraí chun táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath.

Le linn na gníomhaíochta, d'oibrigh na ÚFManna ar chur i bhfeidhm an chur chuige seacht gcéim i ndáil le cás-staidéir fíorshaoil. Vótáil na ÚFManna ar na príomhrioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar na hearnálacha a thaispeánann na rioscaí is airde agus mhol siad táirgí sonracha a bheadh ina gcás-staidéir ábhartha, rud a d'fhág go raibh na mionghrúpaí tionscadail a shonraítear sa tábla thíos. Ina theannta sin, ag deireadh na gníomhaíochta, d'ullmhaigh an saineolaí teicniúil an ceathrú cás-staidéir ar tháirgí le bogearraí leabaithe a d'fhéadfaí a bheith haiceáilte.

Tábla 3 - Cás-staidéir roghnaithe

	CÁS 1	CÁS 2	CÁS 3	CÁS 4
<b>Táirge</b>	Gearrthóga gobáin linbh	Nuachíúbanna	Gléasanna cliste	Gléasanna cliste le bogearraí leabaithe a d'fhéadfaí a bheith haiceáilte
<b>Earnáil</b>	Earraí cúraim leanaí agus trealamh leanaí	Bréagáin (cé nach bhfuil siad ar an margadh mar sin)	Fearais agus trealamh leictreach	Bréagáin chliste
<b>Cineál riosca</b>	Tachtadh	Tachtadh, gortuithe inmheánacha	Meicniúil; róthéamh	Priobháideachas; slándáil
<b>Grúpaí</b>	Éire; An Fhionlann	An Bheilg	An tSlóivéin; An tSeicia; An Chipir	Saineolaí teicniúil agus conraitheoir

## 3. Conclúidí agus moltaí

### 3.1. Conclúidí ginearálta

Tá dúshlán suntasach roimh na ÚFManna maidir leis na tosaíochtaí do ghníomhaíochtaí sábháilteachta agus forfheidhmithe táirgí a chinneadh mar gheall ar an líon mór táirgí atá á dtrádáil laistigh den Mhargadh Aonair. Chun a n-acmhainní a bharrfheabhsú agus a dtionchar a uasmhéadú, tá sé tábhachtach go nglacadh na ÚFManna cur chuige straitéiseach rioscabhunaithe a dhíríonn ar na hidirghabhálacha is airde tosaíocht. Cuidíonn an cur chuige sin le saincheisteanna sábháilteachta a chosc sula ndéanann siad dochar do thomhaltóirí, maolaíonn sé na rioscaí nuair a shaináithnítear iad, agus áiríthítear leis go bhfuil na ÚFManna ag díriú ar na hábhair imní is práinní.

Chun comhoibriú go héifeachtach agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, tá anailís mhargaidh chomhsheasmhach agus measúnú riosca ríthábhachtach. Ní mór do na ÚFManna seasamh réamhghníomhach a ghlacadh maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn agus bagairtí amach anseo a shaináithint chun muinín tomhaltóirí a choinneáil agus chun iomaíocht chóir sa mhargadh a áirithiú. Trí chur chuige atá bunaithe ar shonraí agus rioscabhunaithe a úsáid, is féidir le ÚFManna a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí is éifeachtaí á ndéanamh acu chun sábháilteacht táirgí agus cothroime a chur chun cinn sa mhargadh.

### 3.2. Moltaí d'údaráis náisiúnta

Tá na moltaí seo a leanas mar thoradh ar phlé a rinneadh le linn na gníomhaíochta.

- **Treochtaí margaidh a réamh-mheas.** Trí shúil ghéar a choinneáil ar an margadh, is féidir le ÚFManna táirgí agus rioscaí contúirteacha atá ag teacht chun cinn a bhrath sula n-éiríonn siad forleathan. Leis sin, is féidir gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, rud a d'fhéadfadh dochar do thomhaltóirí a chosc agus iarmhairtí diúltacha a sheachaint.
- **Tús áite a thabhairt do na hidirghabhálacha is éifeachtaí.** A luaithe a shaináithnítear rioscaí féideartha, tá sé tábhachtach tús áite a thabhairt do na hidirghabhálacha agus na bearta is éifeachtaí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt orthu. Ciallaíonn sé seo acmhainní a dhírú ar na rioscaí is dóichí a dhéanadh díobháil, nó a mbeadh an tionchar is mó acu dá dtarlódh siad.
- **Bain úsáid as an gcur chuige seacht gcéim le haghaidh measúnú agus bainistíocht riosca.** Soláthraíonn sé seo cur chuige struchtúrtha chun rioscaí a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Trí phróiseas dian fianaisebhunaithe a leanúint, is féidir leis na ÚFManna a áirithiú go bhfuil a n-iarrachtaí bainistithe riosca eolasach agus éifeachtach.
- **Ba cheart do na ÚFManna oibriú go dlúth le húdaráis eile.** Tá ról ríthábhachtach ag ÚFManna maidir le sábháilteacht táirgí a áirithiú. Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chothú, tá sé tábhachtach go n-oibreoidh siad go dlúth le húdaráis ábhartha eile, amhail údaráis mhargaidh, údaráis phóilíneachta agus gníomhaireachtaí custaim.



# 1. Cad é CASP?

Cuireann na Gníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí (CASP) ar chumas Údaráis Faireachais Margaidh ó ó thíortha an Aontais Eorpaigh / an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch comhoibriú agus sábháilteacht táirgí a chuirtear ar an Margadh Aonair a threisiú.

Cuimsíonn CASP2022 ceithre ghníomhaíocht Chothrománacha agus sé ghníomhaíocht a bhaineann go sonrach le Táirgí.


Cuireann **gníomhaíochtaí cothrománacha** fóram ar fáil d'údaráis faireachais margaidh chun smaointe agus dea-chleachtais a mhalmartú. Faoi threoir saineolaí teicniúil, forbraíonn siad cineálacha cur chuige, nósanna imeachta agus uirlisí praiticiúla coiteanna le haghaidh faireachais margaidh.



Déanann **gníomhaíochtaí táirge-shonracha** tástáil ar chineálacha éagsúla táirgí a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur i mbaol. Is iad na húdaráis faireachais margaidh lena mbaineann a roghnaíonn agus a bhailíonn na táirgí agus scrúdaítear iad trí úsáid a bhaint as plean tástála a comhaontaíodh go comhchoiteann.




## Ról agus freagrachtaí





## 2. Plean oibre Gníomhaíochtaí Cothrománacha



<b>Plean cumarsáide a fhorbairt.</b>		<b>Gníomhaíochtaí cumarsáide</b> (cumarsáid inmheánach ar Wiki, ábhair chumarsáide sheachtracha a ullmhú).	
<b>TÚS BÁIRE</b>	<b>OBAIR ALLAMUIGH</b>	<b>TUAIRISCIÚ</b>	<b>CUMARSÁID SHEACHTRACH</b>
Taighde deisce	Tuilleadh taighde ar thopaicí a sainíodh le linn na gcruinnithe tosaíthe	Cruinnithe deiridh – torthaí deiridh a chur i láthair	Seoladh an fheachtais cumarsáide
Conclúidí tosaigh a tharraingt	Bailíochtú deiridh ar chur chuige na ngníomhaíochtaí	Bailíochtú agus plé ar na ceachtanna a foghlaimíodh	
Cuspóirí mionchoigeartaithe	Cruinnithe idirmheánacha a reáchtáil, ionchuir a chomhtháthú	Tuarascálacha deiridh a dhréachtú	
Tús a chur le cruinnithe – cur chuige scagtha	Doiciméid oibre/treorach a thabhairt chun críche agus uirlisí comhroinnte eolais a tháirgeadh	Scaipeadh	Measúnú a dhéanamh ar an tionchar



## 3. Forbhreathnú ar chur chuige na nGníomhaíochtaí Cothrománacha

0

### Próiseas réamh-CASP

- Rinne AS JUST cleachtadh socraithe tosaíochtaí chun topaicí leasa choitinn a roghnú d'údarás faireachais margaidh.
- Roghnaíodh gníomhaíochtaí cothrománacha CASP2022 trí chomhairliúchán a d'eagraigh AS JUST agus léiríonn siad an spéis reatha i bhfaireachas margaidh ar líne, modheolaíochtaí measúnaithe riosca, bainistiú géarchéime, treiseoir cumarsáide agus margaí sráide.

1

### Bailiú agus anailís sonraí

- Ag baint úsáid as uirlisí éagsúla, amhail suirbhéanna, agallaimh agus taighde deisce, bhailigh an conraitheoir an t-eolas cúlra riachtanach.
- Rinneadh anailís ar na torthaí chun riachtanais, bearnaí agus dúshlán a aithint.
- Rinneadh cuspóirí agus plean oibre an tionscadail a mhionchoigeartú tuilleadh agus a roinnt ar an ardán inmheánach Wiki in éineacht le torthaí an taighde tosaigh.

2

### Cruinniú tosaithe

- Phléigh na húdarás faireachais margaidh rannpháirteacha na spriocanna agus na táirgí insoláthartha le linn chruinniú tosaithe gach gníomhaíochta cothrománacha.
- Bunaithe ar thorthaí taighde deisce agus bailithe sonraí, rinneadh scagadh breise ar an gcur chuige.
- Tar éis an chruinnithe, roinneadh doiciméid oibre ar an ardán Wiki ina raibh an deis ag na húdarás faireachais margaidh tuairimí a mhalartú.

3

### Cruinnithe idirmheánacha

- Le linn dhá chruinniú idirmheánacha, cuireadh an dul chun cinn i ngach gníomhaíocht i láthair agus rinne na húdarás faireachais margaidh dul chun cinn ar na doiciméid treorach éagsúla le cabhair ón saineolaí allamuigh ábhartha.
- Mar gheall ar chastacht an ábhair, tionóladh an tríú cruinniú idirmheánach don ghníomhaíocht faireachais margaidh ar líne.

4

### Conclúidí, moltaí agus tuairisciú

- Le linn na gcruinnithe deiridh, bhailíochtaigh na húdarás faireachais margaidh an leagan deiridh de na doiciméid ábhartha, agus phléigh siad ceachtanna a foghlaimíodh agus léargais a d'fhéadfadh a bheith ann i ngach gníomhaíocht chothrománach.
- Cuirtear doiciméid oibre/treorach agus uirlisí comhroinnte eolais eile ar fáil do gach údarás chun cabhrú leis an bhfoghlaim a chur i bhfeidhm.

5

### Cumarsáid sheachtrach

Seoladh na gníomhaíochtaí cumarsáide seachtraí ag an ócáid deiridh, rud a chuir tús le feachtas faisnéise uile-Eorpach 2-3 seachtaine.

### Uirlisí

Cuirtear **tuarascálacha deiridh** ar fáil do gach gníomhaíocht chothrománach agus do thionscadal CASP2022 ina iomláine. Tá siad ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Ioruais agus an Ioslainnis agus scaipeadh iad ar gach údarás faireachais margaidh.

### Cainéil

Scaiptear an t-ábhar cumarsáide trí úsáid a bhaint as:

- [Suíomh gréasáin EC CASP](#)
- Bealaí cumarsáide náisiúnta na n-údarás faireachais margaidh
- Preas ábhartha agus páirtithe leasmhara eile

## AN TAONTAS EORPACH

Directorate-General for Justice and Consumers  
Directorate Consumers  
Unit E.4 Product Safety and Rapid Alert System  
Email: [JUST-RAPEX@ec.europa.eu](mailto:JUST-RAPEX@ec.europa.eu)

Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith iarmhairt ar bith a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

### © An tAontas Eorpach, 2023

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>).  
Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ([european-union.europa.eu](http://european-union.europa.eu)). [https://europa.eu/european-union/index\\_en](https://europa.eu/european-union/index_en)



Urad za publikacije  
Evropske unije

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023  
PDF ISBN 978-92-68-03605-1 doi:10.2838/269868 DS-09-23-227-GA-N